

Nótaí don Mhúinteoir

Na Daoine lena mBaineann:

Is éard atá i gceist leis an bpaca seo Éirí Amach 1916 a mhíniú do pháistí atá idir aon bhliain déag agus ceithre bliana déag d'aois.

An Scóip:

Titim amach an-tábhachtach i stair na tíre seo a bhí in Éirí Amach 1916. Bhí na cúrsaí sóisialta, míleata agus polaitiúla a bhain leis chomh casta sin go mb'fhéidir go mbeadh sé an-deacair ar dhaltaí óga é a thuiscint. Is chuige sin an lear mór íomhánna atá sa phaca. Insíonn na híomhánna a scéal féin agus is as cartlann dhigiteach Leabharlanna Átha Cliath Theas a fuarthas na bunchóipeanna. Roghnaíodh iad ionas go mbeadh íomhánna nach bhfeictear ach go hannamh ina measc agus mar go gceaptar go gcuirfeadh na daltaí agus na múinteoirí spéis mhór iontu.

Ach oiread leis na pacáí scoile a cuireadh le chéile roimhe seo, scríobhadh an cur síos ar an méid a bhí ag tarlú roimh an Éirí Amach agus ina dhiaidh ionas go bhfeilfeadh sé don aoisghrúpa, agus is éasca na coincheapa agus an teanga a thuiscint.

Tá sé scríofa i gcaoi is nach bhfuil aon fhabhar á thaispeáint d'aon taobh a bhí sa troid.

Tabharfaidh sé seo deis do na páistí a n-intinn féin a dhéanamh suas faoi thréimhse a bhfuiltear á cur i láthair go hoibiachtúil.

Na Topaicí don Phlé

Cúiseanna: Iarr ar na páistí a thabhairt le fios le taispeáint lámh an mó duine díobh, dá mbeidís beo ag an am, a bheadh sásta leis an status quo in Éirinn roimh 1916 (go dtabharfaí Rialtas Dúchais isteach) agus an mó duine díobh a chuirfeadh a muinín i gcoimhlint armtha in aghaidh réimeas na Breataine in Éirinn.

Tabhair deis dóibh cur agus cúiteamh a dhéanamh faoina gcuid fáthanna agus cuir tús le plé - páiste le páiste nó i ngrúpaí. B'fhéidir go bhféadfaí iad seo a úsáid mar thopaicí don phlé - an raibh arm na Breataine as bealach ligean do na hAontachtaithe, agus d'Óglaigh na hÉireann ina dhiaidh sin, an méid sin gunnaí a thabhairt isteach sa tír.

An raibh fáthanna leis seo? Chun go mbeadh fórsaí armtha réidh agus armtha dá mbeadh na Gearmánaigh le hionsaí a dhéanamh, cuir i gcás? Céard a cheapfadh na páistí dá bhfeicfidís fir ag máirseáil síos trí lár na cathrach inniu agus raidhfíil acu?

Deis chun Éirí Amach: Cuir dhá mhodh oibre i gcomparáid le chéile - an modh a bhí ag Pádraig Mac Piarais a chreid san "Íobairt Fola" agus an modh a bhí ag Eoin Mac Néill, is é sin fanacht tamall eile. Iarr ar na daltaí smaoineamh ar an dá shliocht seo le tuiscint a fháil ar a raibh ina n-intinn ag an mbeirt fhear:

Luaigh Mac Piarais i 1915 nuair a bhí an Chéad Chogadh Domhanda á phlé aige gur mhaith an rud don domhan é go mbeadh na rudaí sin [cogadh] le déanamh. Dúirt sé gur theastaigh go mbeadh seanchroí na cruinne á théamh ag fíon dearg pháirc an áir....na milliúin ag tabhairt a n-anama go fonnmhar as ucht a gcion ar an tír.

Luaigh Mac Néill i meamram do chruinniú bhail foirne Óglaigh na hÉireann, i Márta 1916, faoi mar a bhí cúrsaí ag an am go raibh sé go dearfa in aghaidh aon togra a thiocthadh chun cinn a

bhainfeadh le héirí amach. Thug sé le tuiscint dá mbeadh a leithéid de thogra ann an t-am sin agus sna cúinsí sin gurb amhlaidh go mbeadh sé mídhílis dá thír agus freisin go mbeadh sé páirteach i gcion, is é sin dúnmharú.

An Forógra: Léigh amach téacs an Fhorógra - ar bhealach níos simplí b'fhéidir - agus iarr ar an rang an bhféadfaí Éire sa lá atá inniu ann a chur i gcosúlacht in aon bhealach leis an tír a bhfuil cur síos uirthi sa cháipéis. Céard iad na slite inar éirigh leis an tír na haidhmeanna atá sa cháipéis a bhaint amach? Céard iad na slite inar theip uirthi?

Scríos: Ar ghá d'údaráis na Breataine lár Bhaile Átha Cliath a scriosadh? An raibh bealach eile ann a d'fhágfadh nach scriosfaí an áit chomh dona sin?

Géilleadh: Tar éis ghéilleadh Mhic Phiarais, cruinníodh na ceannaircigh agus máirseáladh trí shráideanna scriosta Bhaile Átha Cliath iad ar an mbealach go dtí an príosún. Bhí daoine ag magadh agus ag fonóid fúthu agus chaith daoine a bhí ina seasamh ag féachaint thart clocha leo. Iarr ar an rang ligean orthu féin gur ceannaircigh iad agus go bhfuil litir le scríobh ag gach duine díobh as an bpríosún chuig duine dá ngaolta. Sa litir beidh siad ag breathnú siar ar an méid a tharla ó gabhadh Ard-Oifig an Phoist go dtí gur géilleadh agus gur cuireadh i bpríosún iad. Beidh cur síos le déanamh ar na fuaimeanna, an boladh, na mothúcháin agus ar an méid a bhí le feiceáil. Déan comparáid idir na mothúcháin mar a bhí nuair a thosaigh an tÉirí Amach leis na mothúcháin mar a bhí nuair a bhí na ceannaircigh á máirseáil go dtí an príosún.

Cur chun báis: Iarr ar an rang an raibh sé tuillte ag an seachtar a shínigh an forógra go gcuirfí chun báis iad. Éist leis na freagraí. Ansin inis don rang gur lámhachadh le hurchar 306 saighdiúir a bhí in Arm na Breataine sa Chéad Chogadh Domhanda mar gur léirigh siad claidhreacht os comhair an namhaid. Ina fhianaise sin, an iontas chomh mór sin é gur lámhachadh na daoine a shínigh an forógra agus daoine eile a bhí san Éirí Amach? B'fhéidir go bhféadfaí plé a thosú faoin athrú chun feabhais atá tarlaithe mar nach bhfuil pionós an bháis i bhfeidhm i roinnt mhaith tíortha anois, agus An Bhreatain agus Éire san áireamh.

Athrú Meoin i measc an Phobail: Iarr ar na daltaí dá mbeidís beo sa tréimhse sin i stair na hÉireann an spreagfadh nó nach spreagfadh an cur chun báis agus an gabháil iad éirí amach agus troid ar son na tíre? Cén fáth?

Cogadh eile in Éirinn: Céard iad tuairimi na ndaltaí faoi chríochdheighilt? Ós rud é gur chiallaigh críochdheighilt gur coinníodh sé chontae an Tuaiscirt, an chuid inar líonmhaire na Dílseoirí, ina cuid den Bhreatain, an bhféadfaí aon rud eile a dhéanamh? An gcuirfeadh na Dílseoirí tús le feachtas armtha i nDeisceart Éireann dá mbeadh saoirse bainte amach ag an oileán go léir?